**PARLAIMINT NA hEORPA**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2018/0358M(NLE)**

5.12.2019

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú um Chosaint Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht Shóisialach Vítneam, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais
(2018/0358M(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Isabel Wiseler-Lima

## MOLTAÍ

Iarann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Á chur i dtreis gur uirlisí tábhachtacha iad forbairt eacnamaíoch agus iltaobhachas chun saol daoine a fheabhsú; á chur in iúl gur ceann de na cuspóirí atá le CCI ná an caidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta idir AE agus Vítneam a neartú i gcomhréir le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, agus trádáil agus infheistíocht a chur chun cinn i gcomhréir iomlán le caighdeáin agus comhaontuithe, a aithnítear fud fad an domhain, maidir le cearta an duine, leis an gcomhshaol agus le saothar;

2. Faoi dhíomá nach ndearna an Coimisiún measúnú tionchair um chearta an duine ar an gComhaontú um Chosaint Infheistíochta idir AE agus Vítneam, atá bunoscionn leis an gcinneadh a rinne Ombudsman AE in 2015, agus le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair ar chearta an duine a dhéanamh láithreach; á chur in iúl gur thug an Coimisiún gealltanas freisin measúnú tionchair eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil *ex post* a dhéanamh;

3. Á chur in iúl gur díol sásaimh an t-idirphlé polaitiúil feabhsaithe idir AE agus Vítneam agus an fhéidearthacht atá ann aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cearta an duine i gcreat na sásraí institiúideacha a bunaíodh faoi Airteagal 35 de CCC agus Airteagal 13 de FTA; á athdhearbhú go bhfuil na hairteagail sin, i gcomhar le córas um meastóireacht thréimhsiúil, ina n-uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le cearta an duine a bhaineann le cur chun feidhme CCI, ach nach mór a bheith ag gabháil leo grinnscrúdú ag AE agus a Bhallstáit, agus sásra neamhspleách faireacháin agus gearán, trínar féidir le saoránaigh agus geallsealbhóirí dá ndéantar difear leas éifeachtach a bhaint as réiteach agus uirlis chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha a d’fhéadfadh a bheith ann ar chearta an duine; á thabhairt dá haire, fiú má fhéadann Páirtí bearta iomchuí a ghlacadh go haontaobhach nuair a mheasann sé go ndearna an Páirtí eile sárú ábhartha ar CCC, go bhfuil na bearta sin faoi rogha na bPáirtithe go hiomlán agus nár úsáideadh iad ach in imthosca fíoreisceachtúla;

4. Ag cur i bhfáth go gcomhaontaíonn na Páirtithe, faoi Theideal VI de CCC, go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile i ndáil le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus i réimsí an chomhionannais inscne, an athraithe aeráide, na himirce, na sláinte, an oideachais agus na hoiliúna, na ngnóthaí socheacnamaíocha, agus i ndáil le hathchóiriú ar an riarachán poiblí, chun a áirithiú go ndéanfar na caighdeáin agus na luachanna arda a chuireann AE chun cinn a léiriú sna hathchóirithe atá ar na bacáin i Vítneam, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine ar páirtí iontu é Vítneam; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an staid maidir le cearta an duine imithe in olcas ó tháinig CCC i bhfeidhm;

5. Á chur i dtreis nach mór do na Páirtithe agus do na hinfheisteoirí na caighdeáin agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha uile um chearta an duine a urramú; á chur i bhfáth na freagrachtaí atá ar infheisteoirí, i gcomhréir le Treoirlínte ECFE i dtaobh Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine; á mheabhrú di nach foláir do ghnóthais caighdeáin náisiúnta maidir le

cearta an duine agus leis an gcomhshaol a chomhlíonadh; ag iarraidh go n-oibreodh AE agus Vítneam i gcomhar le chéile chun plean gníomhaíochta a fhorbairt chun saothar leanaí a chomhrac, lena n-áirítear an creat is gá d'fhiontair;

6. Ag tacú go hiomlán le comhar leanúnach, dílis agus torthaí-dhírithe a bheith ann idir AE agus Vítneam maidir le cearta an duine, lena n-áirítear faoi chuimsiú an idirphlé dhéthaobhaigh maidir le cearta an duine agus cruinnithe eile ar an leibhéal sinsearach is ábhartha d'infheistíocht dhéthaobhach; ag iarraidh go neartófaí an t-idirphlé bliantúil idir AE agus Vítneam maidir le cearta an duine le rannpháirtíocht eagraíochtaí áitiúla neamhspleácha den tsochaí shibhialta agus cosantóirí chearta an duine; Ag cur i bhfáth gur gá don Choimisiún agus do SEGS, i dtaca leis sin, aird ar leith a thabhairt ar an tsochaí shibhialta neamhspleách á bheith á cur faoi chois go brúidiúil agus a bheith ag feidhmiú faoi cheilt ar an mórgóir ar eagla na géarleanúna agus an díoltais; faoi dhíomá go ndearna Vítneam, dhá uair ar a laghad, gníomhaithe a choinneáil díreach roimh an idirphlé; ag seasamh ar a thábhachtaí atá sé cásanna aonair a tharraingt anuas agus obair leantach a dhéanamh ar a staid le linn an idirphlé sin; faoi dhíomá nár baineadh torthaí nithiúla ar bith amach tar éis roinnt babhtaí d'idirphlé idir AE agus Vítneam maidir le cearta an duine; ag iarraidh go ndéanfaí faisnéis a fuarthas ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a mheas san idirphlé, ar cheart dó a bheith dírithe ar spriocanna insoláthartha nithiúla;

7. Á chur i dtreis a thábhachtaí a d'fhéadfadh CCI a bheith i ndáil le rannchuidiú le caighdeáin mhaireachtála a ardú, le rathúnas agus cobhsaíocht a chur chun cinn, le cuidiú leis an smacht reachta, dea-rialachas, forbairt inbhuanaithe agus urraim do chearta an duine a chur ar aghaidh in Vítneam, agus le cur ar chumas AE ag an am céanna freisin a chuspóirí síochána agus cobhsaíochta sa réigiún a chothú. á chur i bhfáth gur cuid choinníollach d'aon chomhaontú idir AE agus tríú stát is ea na luachanna uilíocha sin a urramú gan iomrall; ag cur in iúl gur cúis imní di uireasa na n-oibleagáidí infhorfheidhmithe d'infheisteoirí maidir le cearta an duine;

8. Á thabhairt dá haire gur cheart go ndearbhódh dlí-eolaíocht an Chórais Cúirte Infheistíochta (ICS) cumhdach na gcaighdeán maidir le cearta an duine; á thabhairt dá haire go bhféadfadh sé, mar gheall ar na costais arda a ghabhann le nósanna imeachta ICS, nach mbeadh an oiread céanna rochtana ar cheartas agus ar réiteach ag saoránaigh dá ndéantar difear; faoi dhíomá go bhféadfadh sé go mbeadh rochtain theoranta ag an tsochaí shibhialta ar chásanna, agus gur beag deis a bheadh acu páirt a ghlacadh iontu, mar gheall ar fhorálacha ráthaithe *Amicus Curiae* a bheith ar díth;

9. Ag moladh nach dtabharfadh Parlaimint na hEorpa a toiliú don chomhaontú mura rud é go ndéanfaí moltaí an rúin seo a acthú go dlíthiúil agus go héifeachtach.

# NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Comhaontú um Chosaint Infheistíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht Shóisialach Vítneam, den pháirt eile |
| **Tagairtí** | 2018/0358M(NLE) |
| **An Coiste freagrach** | INTA |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>24.10.2019 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Isabel Wiseler-Lima<br>30.9.2019 |
| **Pléite sa choiste** | 14.10.2019 2.12.2019 |
| **Dáta a ghlactha** | 4.12.2019 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 48<br>–: 8<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Traian Băsescu, Phil Bennion, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Gina Dowding, Tanja Fajon, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Nathalie Loiseau, Jaak Madison, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Javier Nart, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Kati Piri, Diana Riba i Giner, Catherine Rowett, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Radosław Sikorski, Sergei Stanishev, Hermann Tertsch, Idoia Villanueva Ruiz, Viola Von Cramon-Taubadel, Irina Von Wiese, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrea Cozzolino, Arnaud Danjean, Loucas Fourlas, Jytte Guteland, Andrzej Halicki, Martin Horwood, Katrin Langensiepen, Hannah Neumann, Juozas Olekas, Kris Peeters, Bert-Jan Ruissen, Mick Wallace, Javier Zarzalejos, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Heidi Hautala, Gilles Lebreton, Geoffrey Van Orden |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Arnaud Danjean, Loucas Fourlas, Michael Gahler, Andrzej Halicki, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Kris Peeters, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Phil Bennion, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Martin Horwood, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Urmas Paet, Irina Von Wiese |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Andrea Cozzolino, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Jytte Guteland, Sven Mikser, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Sergei Stanishev |
| VERTS/ALE | Gina Dowding, Heidi Hautala, Katrin Langensiepen, Hannah Neumann, Diana Riba i Giner, Catherine Rowett, Viola Von Cramon-Taubadel |

| 8 | - |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Jacek Saryusz-Wolski, Hermann Tertsch, Geoffrey Van Orden, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers |
| GUE/NGL | Manu Pineda, Mick Wallace |

| 6 | 0 |
|---|---|
| GUE/NGL | Giorgos Georgiou, Idoia Villanueva Ruiz |
| ID | Susanna Ceccardi, Gilles Lebreton, Jaak Madison, Thierry Mariani |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh